# Scéal, Scéal, Scéal...




Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige

Instagram: @pleanteangachoisfharraige
Twitter: @PleanTeangaCF
Facebook: @PleanáilTeangaChoisFharraige

11 Márta 2021

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

## AN GHAELTACHT FAOI BHLÁTH

Oifigigh Pleanála Teanga Chois Fharraige a bhí i mbun óstála ar **An Ghaeltacht faoi Bhláth** ar 9 Márta. Aonghus Ó Coistealbha ón nGarraí Glas sna Creagáin in Indreabhán a bhí ag plé cúrsaí glasraí. Is féidir breathnú ar an seisiún ar an gcuntas YouTube: **Seo Í an Ghaeltacht**. Beidh Oifigigh Pleanála Teanga Chonamara Láir á óstáil ar an Máirt 16ú @ 7:30i.n. Colm de Bháldraithe a bheas i mbun cainte: cúrsaí bitheolaíochta agus cloch eibhir a bheas mar théama ag Colm. Is féidir clárú don imeacht ar chuntas FB: Conamara Láir roimh 12i.n. ar an Luan 15ú. Seolfar an nasc chugat ar an lá. Beidh duais le buachan ar an oíche freisin. Feicfidh muid ann sibh, a chairde!



## SCRÍBHNEOIRÍ ÓGA CHOIS FHARRAIGE

Tá ag éirí go hiontach ar fad le beirt scríbhneoirí óga as Cois Fharraige, Domhnall Ó Bhraonáin agus Aifric Ní Scolaí lena gcuid saothair sa bhfoilsiúchán leictreonach **NÓS**. Is iomaí ábhar spéisiúil a phléann siad agus ní hionann aon dhá alt! San alt is deireanaí uaidh, tugann Domhnall léargas iontach ar an taithí a bhí aige agus fataí á gcur aige don chéad uair! Agus roimhe sin, phléigh sé Gaeilge Chonamara agus an caidreamh casta atá aici leis an mBéarla! Tugann tuairimí Aifric Ní Scolaí ábhair éagsúla machnaimh duit agus grá don chaife sa lá atá inniu ann ar cheann de na hábhair a phléigh sí. Scéalta le léamh ar an suíomh www.nos.ie



NÓS


## GAEILGE NA HARDTEISTE

Tuairiscíodh le gairid go bhfuil siollabais nua Gaeilge don Ardteistiméireacht á réiteach. Tá dhá chúrsa á mholadh as seo feasta ceann do Scoileanna Gaeltachta agus Gaeloideachais agus ceann eile do scoileanna a fheidhmíonn tré Bhéarla. D'fhógair An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta go bhfuil próiseas comhairliúcháin oscailte tosaithe a mhairfidh go deireadh mhí Lúnasa. Cuirfear fáilte roimh aiseolas ó dhaoine aonair nó ó eagrais faoina bhfuil á mholadh. Is féidir tuilleadh eolais a fháil ag www.ncca.ie. Ba mhaith le Fóram Chois Fharraige um Pleanáil Teanga teacht ar thuairimí an phobail ina leith seo. Déanaigí teagmháil linn ag optchoisfharraige@gmail.com más mian leat do thuairimí a roinnt linn nó le tuilleadh plé a dhéanamh ar an ábhar tábhachtach seo.

NCCA
An Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta
National Council for Curriculum and Assessment

## BÁCÚS ÓG THÍR NA NÓG & NEIGHBOURFOOD

**Bácús Óg, Tír na nÓg** an páirtí is deireanaí le dul i mbun oibre le *Neighbourfood An Tulach*. Tá cístí agus cácaí iontach blasta á ndéanamh ag an mbáicéara Nadia le tamall agus is féidir teacht orthu anois ar an margadh áitiúil ar líne. Glactar le horduithe gach Máirt agus bailítear iad ar an Déardaoin. Is féidir d'ordú a chur isteach ar an suíomh idirlín www.neigh bour food.ie/ antulach



## SUÍOMH NUA AG COMHAR CREIDMHEASA CHOLMCILLE TEO

Foilsíodh suíomh idirlín nua de chuid **Comhar Creidmheasa Cholm Cille Teo** le gairid. Is féidir cuairt a thabhairt ar an suíomh nua ag www.cccholmcille.ie. Tá baincéireacht ar líne ar fáil dá gcuid baill anois freisin. Is féidir airgead a aistriú, billí a íoc agus iar-mhéid eanna do chuntais a sheiceáil ón mbaile anois. Seirbhísí thar a bheith úsáideach!



## BIONGÓ NA BHFORBACHA

Bíonn Bingo ar líne á eagrú ag **Club Iománaíochta Bearna/Na Forbacha** gach trathnóna Máirt ag 8i.n. le seans a thabhairt do dhaoine teacht le céile ar *Zoom* le linn laethanta deacra na dianghlasála. Is féidir na leabhra *bingo* a cheannach ar €10 an ceann, roimh mheán lae gach Máirt. Tugtar treoracha maidir le leabhra a cheannach ar chuntas Facebook an chlub: @bnaf.hurling Go n-éirí libh, a chairde!

## PARÁID FHÍORÚIL LÁ FHÉILE PÁDRAIG

Tá Paráid Fhíorúil na Féile Pádraig á reáchtáil ag Oifigeach Pleanála Teanga Cheantar na nOileán. Iarrtar ar dhaoine físeán gearr a thaifeadadh - beannachtaí na Féile Pádraig a thabhairt do dhaoine, píosa ceoil nó amhrán a chasadh - rud ar bith a bheadh feilúnach don pharáid fhíorúil! Le páirt a ghlacadh sa bparáid, déan teagmháil le pleanteangacnn@gmail.com agus seolfar mála féiríní chugat le cur le do fhíseán! Craolfar an Pharáid ar ardáin mheáin shóisalta **Molscéal** ag meán lae Lá Fhéile Pádraig.

## COMÓRTAS: LÁ NA MÁITHREACHA

Tá comórtas á reáchtáil ag na hOifigigh Pleanála Teanga le ceiliúradh a dhéanamh ar Lá na Máithreacha! Is féidir teacht ar an gcomórtas ar FB: Pleanáil Teanga Chois Fharraige. Níl le déanamh ach a inseacht dúinn cén fáth gurb í do mháthair féin an mháthair is fearr! Bronnfar ciseán álainn **ó Bhláthanna agus Bronntanais Charoline** ar mháthair an bhuaiteora.






## GEARRSCÉALTA UÍ CHADHAIN

Cuirfear críoch leis an gcéad sraith den phlé ar Ghearrscéalta Uí Chadhain ar an Domhnach 14 Márta, nuair a bheas Pádraig Ó Laighin sa gcathaoir. **'Cé Acu...?'** a foilsíodh in **An tSraith ar Lár** i 1967, an scéal atá roghnaithe ag Pádraig. Tá an scéal seo lonnaithe i gcathair agus ar an gcaoi sin ní ionann é is na scéalta a roghnaíodh le plé go dtí seo. Le páirt a ghlacadh sa bplé níl le déanamh ach an scéal a léamh agus teachtaireacht ríomhphoist a sheoladh chuig Katie Ní Loingsigh ag optchoisfharraige@gmail.com agus seolfar an nasc *Zoom* chugat. Iarrfar ar rannpháirtithe clárú roimh ré le bhur dtoil. Cuirfear tús leis an imeacht @ 7:30 ar an Domhnach.



## COMÓRTAS LÁ'L PÁDRAIG: CRUTHAITHEACHT SA GCISTEANACH

Tá comórtas á reáchtáil ag na hOifigigh Pleanála Teanga do Lá Fhéile Pádraig. Iarrtar ar theaghlaigh an cheantair brioscaí ime i gcruth seamróige, brat na hÉireann, hata Phádraig nó rud ar bith a mheabhraíonn Lá'l Pádraig dúinn a bhácáil! Is féidir treoir a fháil ó fhíseán Dhiarmuid Uí Mhathúna ar an gcuntas Facebook: Pleanáil Teanga Chois Fharraige. Bígí cruthaitheach leis na maisiúcháin agus seolaigí pictiúir chuig optchoisfharraige @gmail.com. Bronnfar duais ar an mbáicéara is fearr! Tá muid ag súil go mór le bhur gcuid iarrachtaí a fheiceáil! Isteach libh sa gcisteanach!









## IMEACHTAÍ & SIAMSAÍOCHTA DE CHUID TUISMITHEOIRÍ NA GAELTACHTA

Is iomaí imeacht deas atá á reáchtáil ag **Tuismitheoirí na Gaeltachta** faoi láthair. Beidh seisiún ealaíona Lá Fhéile Pádraig ar siúl ar an Satharn 13ú @ 12 ar *Zoom*. Tá tús curtha le Ióga don Teaghlach ar líne, chuile Mháirt @ 9:30r.n. Níl costas i gceist ach iarratar ar rannpháirtithe clárú roimh ré le meadhbh@tuismitheoiri.ie Is í an Ghaeilge teanga na hócáidí agus iarrtar cloí leis sin.







**Ná déanaigí dearmad, a chairde, más rud é go bhfuil nuaíocht, scéilín nó teachtaireacht ar mhaith libh a scaipeadh linn i *Scéal, Scéal, Scéal...* is féidir teagmháil a dhéanamh le Katie nó Aoife ag 083 010 6294 nó ag optchoisfharraige@gmail.com Is féidir teagmháil a dhéanamh linn freisin má tá eolas ag teastáil uait ar aon cheann de na scéalta a luaitear anseo!**

## SCÉIM NA nIMEACHTAÍ ÓIGE 2021/2022

Tá maoiniú á thairiscint ag Foras na Gaeilge tré Scéim na nImeachtaí Óige 2021/2022 do dhaoine a d'fhorbródh cláir oiriúnacha imeachtaí óige de dhá sheisiún déag trí Ghaeilge do dhaoine óga idir trí bliana agus ocht mbliana déag d'aois taobh amuig den Ghaeltacht. Ní mór na himeachtaí seo a reáchtáil idir 31 Lúnasa 2021 agus 30 Meitheamh 2022. Ní ceadaítear imeachtaí gur féilte, comórtais ná imeachtaí aon lae amháin iad faoin scéim seo. Le cur isteach ar an scéim, níl le déanamh ach foirm shínithe leictreonach agus na cáipéisí tacaíochta go léir a sheoladh chuig Foras na Gaeilge ag oideachas@forasnagaeilge.ie faoin Aoine 26 Márta 2021 @ 5i.n. Is féidir tuilleadh eolais a fháil, chomh maith leis an bpáipéarachas a bhaineann leis an scéim ar an suíomh idirlín www.forasnagaeilge.ie/sceimeanna-maoinithe

Foras na Gaeilge